# M'Athair



Éiríonn m'athair go moch ar maidin. Téann sé isteach sa seomra folctha. Cuireann sé **sobal** ar a aghaidh. Faigheann sé an **rásúr** agus **bearrann** sé **é féin.** Nuair a bhíonn an bricfeasta ite aige fágann sé an teach. Suíonn sé isteach sa charr agus tiomáineann sé go Luimneach. Oibríonn sé sa chathair ar feadh an lae. Um thráthnóna **filleann** sé abhaile. Bíonn sé **tuirseach traochta** de ghnáth. Itheann sé an dinnéar agus cabhraíonn sé le Mamaí **na gréithe a ní.** Ansin léann sé an páipéar. Tugann sé aire dúinn go léir. Tugann sé an chlann ar turas gach Domhnach nuair a bhíonn an aimsir go breá. Uaireanta tugann sé na páistí go dtí an **phictiúrlann** chun pictiúr a fheiceáil. Tugann sé airgead póca dúinn **i ndiaidh** an Aifrinn gach Domhnach. Bíonn sé crosta uaireanta nuair a bhíonn Liam dána.

**Foclóir:**
**sobal,** lather
**bearrann,** shaves
**tuirseach traochta,** very tired
**crosta,** cross

**A. Scríobh amach an freagra ceart:**

1. Cathain a fhágann m'athair an teach?
   — tar éis an dinnéir.
   — i ndiaidh an Aifrinn.
   — nuair a bhíonn an bricfeasta ite aige.
2. Cad a dhéanann sé gach Domhnach?
   — Tugann sé an chlann ar turas.
   — Tiomáineann sé go Luimneach.
   — Níonn sé an carr.
3. Cad a thugann sé dúinn i ndiaidh an Aifrinn?
   — páipéar.
   — leabhar.
   — airgead póca.

**B. Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo a leanas:**

1. Cuireann sé — ar a aghaidh.
2. Suíonn sé isteach — — agus tiomáineann sé go — .
3. Um thráthnóna — sé abhaile.
4. Bíonn sé — uaireanta nuair a bhíonn Liam dána.
5. Tugann sé an chlann ar turas nuair a bhíonn an — go breá.

**C. Cuir na focail seo a leanas in abairtí:**
rásúr, bearrann sé, tiomáineann sé, tuirseach, filleann sé, ar turas, an phictiúrlann, i ndiaidh an Aifrinn, dána.

**D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Cén t-am a éiríonn m'athair ar maidin?
2. Cad chuige an rásúr?
3. Conas a théann sé go Luimneach?
4. Cén fáth a dtéann sé go Luimneach?
5. Cén fáth a mbíonn sé tuirseach traochta?
6. Cathain a léann sé an páipéar?
7. Cén fáth a dtugann sé na páistí go dtí an phictiúrlann?
8. Cathain a thugann sé airgead póca dúinn?

**Gramadach 4**

1. Nuair a bhíonn an bricfeasta ite **aige.**
   (mise, tusa, ise, sinne, sibhse, iadsan.)